# ROINN NA GAEILGE
# OLLSCOIL NA GAILLIMHE

# LEABHRÁN EOLAIS

# AN CHÉAD BHLIAIN SA GHAEILGE
# 2023-24

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

# Roinn na Gaeilge

A chara,

Fáilte romhat go dtí Roinn na Gaeilge anseo in Ollscoil na Gaillimhe. Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh agus tairbhe as do thréimhse anseo san Ollscoil, agus tá súil ar leith agam go n-éireoidh leat a bheith linn anseo i Roinn na Gaeilge as seo go ceann trí bliana.

Tuigim go maith go bhfuil go leor eolais faoi ghnéithe éagsúla de shaol na hOllscoile á chur i do láthair na laethanta seo, ach san am céanna ba mhaith liom míniú beag a thabhairt duit ar an gcúrsa Gaeilge atá anseo againn sa Chéad Bhliain.

Seo na sonraí is tábhachtaí faoin gcúrsa sa Chéad Bhliain:

1. Beidh **dhá léacht** agus **trí rang teagaisc (trí huaire an chloig) sa teanga** agat gach seachtain.

2. Beidh dhá mhodúl ar siúl in aghaidh an tseimeastair ag formhór na mac léinn:

   **Seimeastar 1**: An Teanga Bheo (NG1105), Litríocht agus Cultúr na Linne (NG1106).

   **Seimeastar 2**: An Teanga Bheo (NG1105), Scéal agus Pobal na Gaeilge (NG1107).

3. Má tá BA Connect ar siúl agat, roghnóidh tú dhá mhodúl: NG1105 **agus** NG1106 **nó** NG1107.

**Tá sé an-tábhachtach freastal ar do chuid léachtaí, gníomhaíochtaí, ranganna agus seimineár agus ar do chuid ranganna teagaisc teanga ar fad.**
Tá sé an-tábhachtach taitneamh a bhaint as do thréimhse ollscoile agus as saol na gcumann – molaimid duit clárú leis an gCumann Éigse, An Cumann Craic nó an Cumann Drámaíochta – ach tá sé an-tábhachtach freisin do chuid oibre a dhéanamh sna ranganna teagaisc gach seachtain mar comhaireann an obair scríofa sna ranganna sin don mheasúnú leanúnach sna scrúduithe. Ar an gcaoi chéanna, tá sé an-tábhachtach do chuid aistí a dhéanamh in am mar is cuid den scrúdú iad sin freisin.

Is fiú go mór duit an Ghaeilge a dhéanamh mar ábhar acadúil san ollscoil. Tá réimse leathan postanna ar fáil do chéimithe Gaeilge anois, ó phostanna 'traidisiúnta' mar mhúinteoireacht nó an tseirbhís phoiblí agus earnáil na Gaeilge agus na Gaeltachta i gcoitinne, go dtí postanna dúshlánacha, nua-aoiseacha mar iriseoireacht, cúrsaí margaíochta agus cumarsáide srl. Ina theannta sin, le feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla, agus leis an stádas atá anois ag an nGaeilge mar theanga Eorpach, beidh fás mór i líon na bpostanna nua spéisiúla a dteastóidh ardscileanna Gaeilge iontu, m.sh., aistriúchán, ateangaireacht, riarachán srl.

Más spéis leat na cúrsaí seo a phlé liom, is féidir scríobh chugam ar an ríomhphost ag lesa.nimhunghaile@ollscoilnagaillimhe.ie, coinne a dhéanamh liom le labhairt ar Teams, Zoom nó a leithéid más maith leat. Go n-éirí go geal leat.

Is mise agat,

*Lesa*

An Dr. Lesa Ní Mhunghaile
Comhordaitheoir 1BA

# Leabhrán Eolais
# An Chéad Bhliain sa Ghaeilge

## Clár an Ábhair


Sonraí Teagmhála Roinn na Gaeilge … … … … … 5

Lucht Teagaisc na Chéad Bhliana … … … … … 6

Clár ama na Chéad Bhliana … … … … … … 8

Dátaí agus Modúil Chúrsa na Chéad Bhliana … … … … 9

Marcanna do Mhodúl na Teanga … … … … … 10

Measúnú Leanúnach: Treoir do Mhic Léinn … … … … 11

Freastal ar Ranganna … … … … … … … 12

Polasaí na Roinne maidir le Spriocdhátaí agus Measúnú Leanúnach… 14

An Chéad Bhliain sa Ghaeilge: An Siollabas … … … … 15

NG 1105 An Teanga Bheo 1 agus 2 … … … 16

NG1107 Scéal agus Pobal na Gaeilge … … … 17

NG1106 Litríocht agus Cultúr na Linne … … … 18

Foirm Chláraithe Aiste … … … … … … 19

Treoirlínte maidir le Scríobh Aistí … … … … … 21

Bileog Stíle Roinn na Gaeilge … … … ... … … 23

**Roinn na Gaeilge**
**Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr**
**Ollscoil na Gaillimhe**


| | |
|---|---|
| **Oifig na Roinne**: | Seomra 215, Áras na Gaeilge |
| **Guthán**: | 091 492564 |
| **Facs**: | 091 494522 |
| **Ríomhphost**: | fiona.depaor@ollscoilnagaillimhe.ie |
| **Suíomh Idirlín**: | http://www.universityofgalway.ie/gaeilge |


---

## SONRAÍ TEANGMHÁLA don CHÉAD BHLIAIN SA GHAEILGE

**Ceann Roinne:**

**An tOllamh Ríóna Ní Fhrighil**, BA, MA, PhD
Seomra: 118 Áras na Gaeilge, folíne: 2585
Ríomhphost: riona.nifhrighil@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí taighde agus teagaisc: Prós agus Filíocht an 20ú hAois; an Chritic Liteartha; an Litríocht Taistil; Teoiric an Aistriúcháin; an Teangeolaíocht Fheidhmeach.

**Riarthóir**:

**Fiona de Paor**
Seomra: 215, folíne: 2564, líne dhíreach 091 492564
Ríomhphost: fiona.depaor@ollscoilnagaillimhe.ie

**Comhordaitheoir na Chéad Bhliana:**

An Dr Lesa Ní Mhunghaile
Seomra: 202, folíne: 4338, líne dhíreach 091 494338
Ríomhphost: lesa.nimhunghaile@ollscoilnagaillimhe.ie

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

## LUCHT TEAGAISC NA CHÉAD BHLIANA 2022/2023

**An tOllamh Tadhg Ó hIfearnáin**
Seomra: 119 Áras na Gaeilge, folíne: 2560
Ríomhphost: tadhg.ohifearnain@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí Taighde agus Teagaisc: Teanga agus sochaí, go háirithe teangeolaíocht agus sochtheangeolaíocht na Gaeilge agus na dteangacha Gaelacha eile; teangacha mionlaithe agus neamhfhorleathana; teanga agus saíocht na Gaeilge ón 17ú haois i leith.

**An tOllamh Rióna Ní Fhrighil**, BA, MA, PhD
Seomra: 118 Áras na Gaeilge, folíne: 2585
Ríomhphost: riona.nifhrighil@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí taighde agus teagaisc: Prós agus Filíocht an 20ú hAois; an Chritic Liteartha; an Litríocht Taistil; Teoiric an Aistriúcháin; an Teangeolaíocht Fheidhmeach.

**An Dr Lesa Ní Mhunghaile**, BA, ADCF, MA, PhD,
Seomra: 202; folíne: 4338
Ríomhphost: lesa.nimhunghaile@ollscoilnagaillimhe.ie
Réimsí taighde agus teagaisc: filíocht an 17-19ú haois; traidisiún na lámhscríbhinní déanacha; oidhreacht Oirialla; na laoithe Fiannaíochta; lucht an chinsil agus saíocht na Gaeilge; an Seabhac agus athbheochan na Gaeilge; an Ghaeilge i gCeanada sa 19ú haois.

**An Dr Jeannine Woods**, BA, MA, PhD
Seomra: 212, folíne: 3960
Ríomhphost: jeannine.woods@universityofgalway.ie
Réimsí Taighde agus Teagaisc: Inscne agus Gnéasúlacht, Teoiric an Taibhléirithe, Scannánaíocht, An Chritic Iarchoilíneach, Drámaíocht na Gaeilge, Litríocht na hImirce.

**An Dr Liam Ó hAisibéil**, BA, MA, PhD, Léachtóir
*Seomra:* 117, *folíne:* 2578
*Ríomhphost:* liam.ohaisibeil@ollscoilnagaillimhe.ie
*Réimsí taighde agus teagaisc:* logainmneacha, ainmneacha pearsanta agus sloinnte; an tSibhialtacht Cheilteach; teanga na Nua-Ghaeilge Moiche; traidisiún na lámhscríbhinní in Éirinn.

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

# ROINN NA GAEILGE

## AN CHÉAD BHLIAIN 2023-2024: AN CÚRSA

**SEIMEASTAR 1**

(i) NG1105 An Teanga Bheo 1: Trí rang teagaisc sa teanga in aghaidh na seachtaine i seimeastar I. Socrófar na ranganna teagaisc ag tús an tseimeastair.
Ranganna le tosach an tseachtain dar tús 25 Meán Fómhair.
**Modh teagaisc**: Ar an gcampas

(ii) NG1106 Litríocht agus Cultúr na Linne: Dhá léacht sa tseachtain.
**Modh teagaisc**: Ar an gcampas

**SEIMEASTAR 2**

(i) NG1105 An Teanga Bheo 2: Trí rang teagaisc sa teanga in aghaidh na seachtaine i seimeastar II (grúpaí agus uaireanta mar a bhí i seimeastar I).
**Modh teagaisc**: Ar an gcampas

(ii) NG1107 Scéal agus Pobal na Gaeilge: Dhá léacht sa tseachtain.
**Modh**: Ar an gcampas

Tosóidh na **LÉACHTAÍ** ar an Dé Máirt 19 Meán Fómhair 2023.
Tosóidh na **RANGANNA TEAGAISC** ar an Luan 25 Meán Fómhair 2023.

http://www.galwayuniversity.ie/gaeilge/cursai-focheime/amchlar-reatha/

## TRÁTHCHLÁR: Seimeastar I agus 2

**Seimeastar I**
**18 Meán Fomhair 2023-24 Samhain 2023**

**Léachtaí**

**Am** **An Mháirt**, 4.00-5.00 & **An Chéadaoin** 2.00-3.00

**Cúrsa** **NG 1106 Litríocht agus Cultúr na Linne**

**Cuid 1**: 19 Meán Fómhair – 18 Deireadh Fómhair, 2023, (RNíF)

**Cuid 2**: 24 Deireadh Fómhair - 22 Samhain, 2023, (JW)

**Áit** Téatar Fottrell (Seomra AM200, Áras na Mílaoise)

Léacht 1: An Mháirt, 4.00-5.00, Téatar Fottrell (Seomra AM200, Áras na Mílaoise)

Léacht 2: An Chéadaoin, 2.00-3.00, Téatar Fottrell (Seomra AM200, Áras na Mílaoise)

**Léachtóirí:** An Dr Jeannine Woods (JW)/An tOllamh Ríóna Ní Fhrighil (RníF)

Drámaíocht chomhaimseartha, Prós comhaimseartha & Filíocht chomhaimseartha

**Seimeastar 2**
**8 Eanáir 2024 – 30 Márta 2024**

**Am** **An Mháirt**, 4.00-5.00 & **An Chéadaoin** 2.00-3.00

**Cúrsa** **NG 1107 Scéal agus Pobal na Gaeilge**

**Cuid 1:** 9 Eanáir – 7 Feabhra 2024, **LNíM**

**Cuid 2:** 20 Feabhra –27 Márta 2024 **TÓhI**

**Áit**

Léacht 1: An Mháirt, 4.00-5.00, Téatar Choilm Uí Eocha (Seomra AM250, Áras na Mílaoise)

Léacht 2: An Chéadaoin, 2.00-3.00, Téatar Anderson (Seomra AC002, Foirgneamh na nDán / na hEolaíochta)

**Léachtóirí:** Lesa Ní Mhunghaile (LNíM), Tadhg Ó hIfearnáin (TÓhI)

# ROINN NA GAEILGE

### AN GHAEILGE SA CHÉAD BHLIAIN, 2023-2024: DÁTAÍ

| | Teagasc | Scrúduithe scríofa |
|---|---|---|
| **Seimeastar 1:** | 18 Meán Fómhair – 24 Samhain 2023 | 4 Nollaig – 15 Nollaig 2023 |
| **Seimeastar 2:** | 8 Eanáir – 28 Márta 2024 | 15 Aibreán – 1 Bealtaine 2024 |

### AN GHAEILGE SA CHÉAD BHLIAIN, 2021-2022: MODÚIL AN CHÚRSA

| Cód | Modúl | Modh Scrúdaithe | Marcanna | ECTS |
|---|---|---|---|---|
| **NG 1105** | **An Teanga Bheo** | Measúnú Leanúnach<br>Scrúdú Scríofa<br>Scrúdú Cainte<br>Cluastuiscint | 250<br>500<br>100<br>100<br>**Iomlán 800** | **10** |
| **NG1107** | **Scéal agus Pobal na Gaeilge** | Measúnú Leanúnach<br>Scrúdú Scríofa | 150<br>150<br>**Iomlán 300** | **5** |
| **NG1106** | **Litríocht agus Cultúr na Linne** | Measúnú Leanúnach<br>Scrúdú scríofa | 150<br>150<br>**Iomlán 300** | **5** |

| | | |
|---|---|---|
| **Iomlán don bhliain** | **1200** | **20** |

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

## Marcanna do mhodúil na Teanga, 1BA

**NG 1105 An Teanga Bheo 1& 2 (Seimeastar 1 agus Seimeastar 2)**

| | |
|---|---|
| Measúnú Leanúnach | 200 |
| An Scrúdú Scríofa | 200 |
| Scrúdú Cainte | 100 |
| Cluastuiscint | 100 |
| **Iomlán** | **600** |

1. Meabhraítear don mhac léinn gur gá **PAS GLAN** a fháil sa modúl teanga. (Riail Ollscoile atá anseo a bhaineann leis na teangacha go léir.)
2. Ciallaíonn sé sin go bhfuil ort **ar a laghad 40%** a fháil sa **scrúdú teanga** ina iomláine. Ní féidir leat marcanna a chúiteamh ó mhodúl ar bith eile.
3. Mura mbíonn **PAS GLAN** agat in NG1105, beidh ort an scrúdú sin a dhéanamh arís i mí na Bealtaine/Lúnasa.
4. Is ionann an measúnú leanúnach agus na ceachtanna scríofa a dhéanann tú gach seachtain sna ranganna teagaisc. Tugann an teagascóir marc ar gach ceacht agus bunaítear an marc **iomlán** sa mheasúnú leanúnach ar **mheánmharc na gceachtanna go léir a bhí le déanamh agat** agus **ní ar na cinn a rinne tú**. (Féach an Córas Marcála don Mheasúnú Leanúnach thíos.)
5. Má chailleann tú ceacht scríofa, beidh tionchar diúltach aige ar do mheánmharc ag an deireadh. Mar sin tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfá freastal ar GACH rang teanga agus go ndéanfá GACH ceacht in am.

**An Córas Marcála don Mheasúnú Leanúnach**

Bronntar marcanna ar an obair scríofa a dhéanann an mac léinn go leanúnach sna ranganna teagaisc teanga. 200 marc san iomlán atá i gceist.

10 dtasc = 200 marc don bhliain

**N.B. Ní féidir dul ar aghaidh go dtí an dara bliain i dteanga ar bith gan pas glan a fháil sna modúil teanga agus sna modúil litríochta faoi seach. Ní leor pas le cúiteamh chun dul ar aghaidh go dtí an dara bliain.**

### RIACHTANAIS AN CHÚRSA

Tá gach cúrsa **RIACHTANACH** do na mic léinn i ngnáthchúrsa na Gaeilge.

Moltar do mhic léinn freastal a dhéanamh **ar gach léacht** agus ar **gach rang teagaisc**.
Moltar do mhic léinn na ceachtanna uilig don mheasúnú leanúnach a dhéanamh in am.
Moltar do mhic léinn na haistí a dhéanamh in am.
**Mura dtugann tú do chuid oibre isteach in am, ní bheidh ar do theagascóir glacadh leis. Tá baol ann go dteipfeadh ort sa chúrsa sa chás sin. Fút féin atá an fhreagracht cloí leis na spriocdhátaí**

# MEASÚNÚ LEANÚNACH
## TREOIR DO MHIC LÉINN

Tá na rialacha seo a leanas i bhfeidhm maidir leis an measúnú leanúnach:

- Clóscríobh gach píosa le spás go leith nó spás dúbailte. Cuir ar an ríomhphost chuig an teagascóir é faoin dáta a leagadh síos nó tabhair dó/di go pearsanta é sa rang teagaisc.

- Sna tascanna scríbhneoireachta, is gá cloí le líon na bhfocal (mura n-iarrfar a mhalairt, i gcás léamhthuiscintí, mar shampla). Ní shaothróidh tú aon mharc breise má théann tú thar an teorainn focal sin ach caillfidh tú marcanna mura scríobhfar go leor.

- Coinneofar cuntas den fhreastal a dhéanann an mac léinn ar na ranganna teagaisc. Cuirfear timpeall rolla le síniú gach seachtain.

- Ní ghlacfar le hobair atá déanach gan cúis mhaith. Má ghlacann an teagascóir le hobair dhéanach ó mhac léinn amháin, beidh buntáiste éagothrom aige/aici ar na mic léinn eile. Cuirfear an riail sin i bhfeidhm ó thús na bliana. Níor cheart duit iarracht a dhéanamh an measúnú leanúnach ar fad a thabhairt don teagascóir ag deireadh an tseimeastair; ní ghlacfar leis sin ach an oiread.

- Má bhí tú tinn nó breoite, ba cheart duit teastas dochtúra nó teastas ó sheirbhísí comhairleoireachta na hollscoile a thabhairt d’Fhiona de Paor.

- Ná déan bradaíl. Má chóipeálann tú an mheasúnacht leanúnach ó fhoinse éigin, gan aitheantas a thabhairt don fhoinse sin, is bradaíl í sin agus is cion tromchúiseach í. Tá cur síos ar pholasaí na hollscoile faoin mbradaíl ar fáil sa lámhleabhar seo.

- **NB An dara suí do NG1105: Ní chuirfear an measúnú leanúnach san áireamh sa dara suí den mhodúl seo i mí Lúnasa.**

# Freastal ar Ranganna

(1) Nuair a chláraíonn mac léinn ar chlár lánaimseartha ollscoile ciallaíonn sé sin go bhfuil 40 uair oibre sa tseachtain ar an iomlán le déanamh aige i ngach seachtain de gach seimeastar.

- Níl sna ranganna (léachtaí, ranganna teagaisc, etc.) ach cuid den iarracht iomlán a theastaíonn chun go n-éireodh leis an mac léinn.

- Cuirtear measúnuithe agus obair an chúrsa le chéile ar an tuiscint go bhfuil an mac léinn ag déanamh na hiarrachta is gá agus ní díreach ag clúdach an ábhair a rinneadh sna ranganna.

- Ba chóir don mhac léinn am a chur i leataobh ina dhialanna féin don staidéar, don léitheoireacht agus d'obair chúrsa i gcomhair an tseimeastair. Ní éiríonn go rómhaith le mic léinn ar an ollscoil a bhíonn ag brath ar dhianstaidéar a dhéanamh ag an nóiméad deireanach.

- Má dhéantar an iarracht seo éireoidh leis an mac léinn eolas agus tuiscint níos fearr a fháil ar a chuid ábhar. Beidh níos mó muiníne ag an mac léinn as féin, ní bheidh an oiread struis air le measúnuithe agus beidh sé níos ullmhaithe do na blianta atá roimhe amach.

(2) Nuair a chláraíonn mac léinn ar mhodúl nó ar chlár ollscoile ciallaíonn sé sin go ngeallann sé go mbeidh sé comhpháirteach, is é sin go mbeidh sé **i láthair ag gach rang**.

- **Tá tinreamh éigeantach** seachas roghnach. D'fhéadfaí breathnú ar neamhfhreastal mar tharraingt siar *de facto* ó chúrsa agus d'fhéadfaí gan an mac léinn a scaoileadh ar aghaidh chuig scrúduithe nó clárú ina dhiaidh sin.

- Chomh maith leis sin, íocann an Stát táillí an mhic léinn ar an mbunús go bhfuil sé comhpháirteach sna cláir a bhfuil sé cláraithe orthu.

- **Coinneofar cuntas ar an tinreamh i ngach aon rang.**

- Má bhíonn aon imní ar an mac léinn faoi chaighdeán an teagaisc nó an taithí foghlama in aon rang (nó in aon chuid dá mhodúil), ba chóir dó aiseolas a thabhairt trí na bealaí

éagsúla atá ar fáil dó (mar shampla, ceistneoir an mhodúil, Ionadaithe Ranga, coistí idirchaidrimh) ionas go bhféadfaí aon fhadhb a réiteach nó a chur san áireamh, de réir mar is cuí. Ní chuirfidh neamhfhreastal ar ranganna fadhbanna den sórt sin in iúl.

(3) Tá roinnt **tacaíochtaí foghlama** ar fáil ar fud na hOllscoile, a bhfeileann a bhformhór do gach mac léinn.

- Clárófar gach mac léinn sa chéad bhliain sa *Learning Centre* ar *Blackboard*. Tá ábhar féinstaidéir anseo faoin scríbhneoireacht acadúil, scileanna staidéir agus dul siar (*Skills4Study* arna fhoilsiú ag Palgrave Macmillan). Moltar go láidir do mhic léinn leas a bhaint as seo agus as acmhainní gaolmhara eile atá ar fáil dóibh.

I measc na dtacaíochtaí eile atá ar fáil tá siad seo a leanas:

- An tIonad don Scríbhneoireacht Acadúil – lonnaithe sa Leabharlann le tacaíocht ó fhoireann teagascóirí agus oibrithe deonacha. **Tá an tacaíocht seo le fáil trí mheán na Gaeilge chomh maith.**
- An tAonad Tacaíochta Matamaitice (SUMS) – lonnaithe in Áras de Brún.
- DISC – ionad buail isteach do thacaíocht le bogearraí/ríomhchlárú san fhoirgneamh IT.
- Oiliúint agus tacaíocht ón Leabharlann chun eolas a aimsiú, a mheas agus a úsáid go héifeachtach.
- Tionscnaimh de chuid Chomhaltas na Mac Léinn.
- Seirbhísí do Mhic Léinn, go háirithe 'tréadchúram' (e.g. comhairleoireacht, ciste cúnaimh do mhic léinn agus dóibh siúd atá faoi mhíchumas) agus comhairle faoi ghairmeacha.
- Deasc Eolais na Mac Léinn (SID) – táillí, oifigí tacaíochta, etc.
- Meantóir, comhairleoir acadúil nó scéimeanna 'pobail ag foghlaim' atá i bhfeidhm i roinnt Coláistí agus clár.

# POLASAÍ NA ROINNE MAIDIR LE SPRIOCDHÁTAÍ AGUS MEASÚNÚ LEANÚNACH

Is gá cloí le gach spriocdháta a leagtar síos d'aiste nó do mheasúnú leanúnach. Má leagtar isteach aiste nó measúnú leanúnach go déanach gan cúis mhaith, is é seo polasaí na Roinne:

- Bainfear 10% den mharc a bhronntar an chéad tseachtain nó cuid de sheachtain atá an obair déanach (m.sh. más 60% a thuill an obair, bainfear 6% den mharc);
- Bainfear 20% den mharc a bhronntar an dara seachtain nó cuid de sheachtain atá an obair déanach (m.sh. más 60% a thuill an obair, bainfear 12% den mharc);
- Bainfear 30% den mharc a bhronntar an tríú seachtain nó cuid de sheachtain atá an obair déanach (m.sh. más 60% a thuill an obair, bainfear 18% den mharc).
- Ní ghlacfar leis an obair ina dhiaidh sin.

I gcásanna eisceachtúla (m.sh. tinneas nó cúinsí pearsanta eile), is féidir síneadh ama a thabhairt do mhac léinn. I gcás mar sin, is faoin gComhordaitheoir Bliana a bheidh sé síneadh ama a cheadú.

- Is féidir leis an mac léinn na cúinsí a mhíniú do léachtóir, don Chomhordaitheoir Bliana nó do Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh.
- Is gá don mhac léinn teastas leighis nó fianaise eile scríofa (más ann dó) a thabhairt don Choláiste le go gceadófar síneadh ama. Mura bhfuil fianaise scríofa ann, is gá dó/di an Coláiste a shásamh go bhfuil cás bailí aige/aici.
- Nuair a bheidh an Coláiste sásta go bhfuil leithscéal bailí ann, cuirfidh sé an Ceann Roinne agus an Comhordaitheoir Bliana ar an eolas. Ní shárófar rúndacht an mhic léinn má tá ceist rúndachta ann.
- Déanfaidh an Comhordaitheoir Bliana, i gcomhar leis an léachtóir más gá, socrú faoin síneadh ama ina dhiaidh sin agus cuirfidh sé/sí an mac léinn agus an Ceann Roinne ar an eolas ar an ríomhphost.

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

# Roinn na Gaeilge

# BA sa Ghaeilge

# An Chéad Bhliain

# SIOLLABAS

| NG 1105 An Teanga Bheo 1 &2 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | **Uaireanta sa tseachtain** | **Iomlán Uaireanta** | **Marcanna** | **ECTS** |
| 1BA | 3 | 72 | 600 | 10 |

**Comhordaitheoir an Mhodúil** An Dr. Lesa Ní Mhunghaile

**Torthaí na Foghlama**
Ar chríochnú an mhodúil seo beidh

- Tuiscint bhreise ag an mac léinn ar na príomhghnéithe de ghramadach na Gaeilge
- Breis muiníne ag an mac léinn as a c(h)umas Gaeilge, labhartha agus scríofa
- Breis cumais ag an mac léinn sna scileanna éagsúla teanga (éisteacht, labhairt, tuiscint, scríobh).

**Míreanna an Mhodúil**
Ranganna teagaisc: dhá rang teagaisc sa tseachtain i Seimeastar 1 & 2

**Téacsanna**

| | |
|---|---|
| Mac Congáil, N. | *Leabhar Gramadaí Gaeilge*. Indreabhán: (Cló Iar-Chonnachta 2002) |
| Mac Congáil, N. | *Irish Grammar Book*. (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta 2003) |
| Mac Murchaidh, C. | *Cruinnscríobh na Gaeilge*. (BÁC: Cois Life 2006) |
| Ní Mhaonaigh, S. & Mac Lochlainn, A. | *Speaking Irish/An Ghaeilge Bheo*. (New York: McGraw Hill 2008) (leabhar & DVD) |
| Ó Dónaill, É. | *Gramadach gan Stró!* (Gaelchultúr 2008, 2011) |
| Ó Murchú, D., Ó Murchú, P. | *Briathra na Gaeilge: Regular and Irregular*. (BÁC: Folens) |
| Rialtas na hÉireann | *Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil*. (BÁC: Oifig an tSoláthair 1979) |

**Foclóirí**

| | |
|---|---|
| An Roinn Oideachais | *An Foclóir Beag*. (BÁC: Oifig an tSoláthair 1991) |
| de Bhaldraithe, T. (eag.), | *English-Irish Dictionary*. (BÁC: Oifig an tSoláthair 1998 [1959]) |
| Grundy V. agus Ó Cróinín, B. (eag.) | *The Pocket Oxford Irish Dictionary*. (Oxford: OUP 2000) |
| Mac Mathúna, S., *et al*. (eag.) | *Pocket Irish Dictionary*. (Londain: Harper Collins 1997) |
| Ó Baoill, D.P. (eag.) | *An Foclóir Póca*. (BÁC: An Gúm 1986) |
| Ó Dónaill, N., de Bhaldraithe, T. (eag.) | *Foclóir Gaeilge-Béarla*. (BÁC: Oifig an tSoláthair 1977) |

**Foclóirí leictreonacha**

- http://breis.focloir.ie
- www.focloir.ie
- www.focal.ie
- An foclóir beag – http://193.1.97.44/focloir

| | |
|---|---|
| **Modh Seachadta** | Ranganna teagaisc |
| **Teanga an Ranga** | Gaeilge |
| **Seimeastar** | 1 & 2 |
| **Modhanna Measúnachta** | Measúnacht leanúnach agus scrúdú scríofa agus cainte, cluastuiscint |
| **Iomlán na Marcanna** | 800 |

| NG 1107 Scéal agus Pobal na Gaeilge | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | **Uaireanta sa tseachtain** | **Iomlán Uaireanta** | **Marcanna** | **ECTS** |
| 1BA | 2 | 24 | 300 | 5 |

**Comhordaitheoir an Mhodúil** An Dr Lesa Ní Mhunghaile

**Torthaí na Foghlama**

Ar chríochnú an mhodúil seo beidh ar chumas an mhic léinn

- tascanna simplí scríofa a chur in iúl go cruinn
- fáthanna a thabhairt le hathbheochan na Gaeilge ó bhéal agus i scríbhinn
- anailís a dhéanamh ar shaol agus ar shochaí na Gaeilge san Athbheochan
- plé a dhéanamh ó bhéal agus i scríbhinn ar phearsana na hAthbheochana agus ar ábhar Béaloidis a sholáthair siad.

**Míreanna an Mhodúil**

(i) Fáthanna agus Idé-eolaíochtaí na hAthbheochana
(ii) Na Meáin Ghaeilge san Athbheochan
(iii) Bailitheoirí agus Béaloideas

**Téacsanna**.

Nic Craith, M. 1993. *Malartú Teanga: An Ghaeilge i gCorcaigh sa Naoú hAois Déag.* Bremen: Cumann
Eorpach Léann na hÉireann.
Mag Eacháin, Conchúr. 2014. *Téarmaíocht Ghaeilge na hAthbheochana.* Baile Átha Cliath: Cois Life.
Ó Ciosáin, Niall (1997) *Print and popular culture in Ireland, 1750-1850.* Basingstoke: Macmillan.
Ó Conchubhair, Brian (2009) *Fin de Siècle na Gaeilge: Darwin, an Athbheochan agus Smaointeoireacht na hEorpa.* Indreabhán: An Clóchomhar.

Delap, B. 2012. *Ar an Taifead: Fís, Fuaim, Focal*. BÁC: Cois Life [dara heagrán].
Nic Pháidín, C. 1998. *Fáinne an Lae agus an Athbheochan 1898-1900*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
Pine, R., 2002. *2RN and the Origins of Irish Radio*. Dublin: Four Courts Press.
Uí Chollatáin, R. 2004. *An Claidheamh Soluis agus Fáinne an Lae 1899-1932*. Baile Átha Cliath: Cois Life

Cuirfear an t-ábhar don Bhéaloideas ar fáil ar *Blackboard*.

| | |
|---|---|
| **Modh Seachadta** | Léachtaí |
| **Teanga an Ranga** | Gaeilge |
| **Seimeastar** | 1 |
| **Modhanna Measúnachta** | Scrúdú Scríofa (50%) agus 2 Measúnú leanúnach i rith an téarma (50%) |
| **Iomlán na Marcanna** | 300 |

| NG 1106 Litríocht augs Cultúr na Linne | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | **Uaireanta sa tseachtain** | **Iomlán Uaireanta** | **Marcanna** | **ECTS** |
| 1BA | 2 | 24 | 300 | 5 |
| **Comhordaitheoir an Mhodúil** An tOllamh रióna Ní Fhrighil | | | | |
| **Torthaí na Foghlama**<br>Ar chríochnú an mhodúil seo beidh ar chumas an mhic léinn<br>o cuntas a thabhairt ar bhuntréithe na drámaíochta sa Ghaeilge i scríbhinn<br>o anailís a dhéanamh ar théacs liteartha ó bhéal agus i scríbhinn<br>o úsáid a bhaint as an teicneolaíocht le cur síos a dhéanamh ar théacs liteartha<br>o cur i láthair éifeachtach simplí a dhéanamh ar théacs próis nó filíochta | | | | |
| **Míreanna an Mhodúil**<br>(i) Nua-Dhrámaíocht na Gaeilge<br>(ii) Nua-phrós agus Nua-fhilíocht na Gaeilge | | | | |
| **Téacsanna**<br>(i) **An Drámaíocht**<br>Celia de Fréine *Mná Dána* (Arlen House, 2009).<br>**(ii) An Prós Comhaimseartha agus an Fhilíocht Chomhaimseartha**<br>Cuirfear pacáiste téacsanna le chéile | | | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Modh Seachadta** | Léachtaí | |
| **Teanga an Ranga** | Gaeilge | |
| **Seimeastar** | 2 | |
| **Modhanna Measúnachta** | **Measúnú**<br>Measúnú Leanúnach (25%)<br>Scrúdú Scríofa (75%) | |
| **Iomlán na Marcanna** | 300 | |

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

# Ráiteas faoi Thasc a Leagan faoi Bhráid na Roinne

Líon isteach **gach cuid** den fhoirm seo agus cuir isteach í le **cóip chrua** an taisc.

| |
|---|
| **Ainm an mhic léinn:**....................................................................................................................... |
| **Uimhir aitheantais:**............................................................................................................................... |
| **Teideal an mhodúil:** .............................................................................................................................. |
| **Léachtóir an mhodúil:** ......................................................................................................................... |
| **Teideal an taisc:** .......................................................................................................................................... .................................................................................................................................... .................................................................................................................................... .................................................................................................................................... ............................................................................................................................. |
| **Líon na bhfocal** (gan leabharliosta san áireamh)**:** .................. |

| **Dearbhaím gurb í <u>mo chuid oibre féin</u> atá sa tasc seo agus:** | √ |
|---|---|
| 1. Go bhfuil *Polasaí Sláine Acadúil* na hOllscoile léite agam agus go dtuigim é (féach an nasc: https://www.ollscoilnagaillimhe.ie/media/registrar/docs/QA220-Polasaí-Sláine-Acadúil.pdf). | |
| 2. Go bhfuil tagairtí cruinne agus iomlána (sa téacs féin agus sa leabharliosta ar chúl) tugtha agam i leith gach foinse (leabhair, irisleabhair, srl.) a úsáideadh sa tasc seo. | |
| 3. Go bhfuil córas tagartha aitheanta úsáidte go seasmhach agam (féach: https://libguides.library.nuigalway.ie/Plagiarism/Referencing). | |

| | |
|---|---|
| 4. Nár úsáid mé obair le haon mhac léinn/mic léinn eile gan an obair sin a aithint go follasach, nó nár leag mé an obair seo isteach faoi chló eile ar mhaithe le measúnú. | |
| 5. Nár fhostaigh nó nár lorg mé cúnamh ó sheirbhís ghairmiúil scríbhneoireachta chun an tasc seo a dhéanamh, nár bhain mé úsáid as intleacht shaorga (*ChatGPT*, srl.) lena scríobh, nó nach bhfuair mé aon chúnamh nár tugadh aitheantas dó. | |
| 6. Má tá na ráitis thuas ar ghlac tú leo bréagach, cuirfear tús le gníomh smachtaithe faoi *Pholasaí Sláine Acadúil* na hOllscoile agus faoi *Chód Iompraíochta na Mac Léinn*. | |

**RÁITEAS:**
Táim ar an eolas faoi *Pholasaí Bradaíola na hOllscoile*, tuigim é, agus dearbhaím gur liomsa amháin an obair seo agus nach bhfuair mé cúnamh ar bith ina leith.

Sínithe: ............................................................................ Dáta: ..... / ..... / ..........

## Beartas maidir le Bradaíl/Tagairtí a úsáid

• Is gá úsáid a bhaint as leabharliosta an mhodúil ar an gcéad dul síos in aiste ollscoile.
• Is féidir ábhar breise nach bhfuil ar an leabharliosta a úsáid ach is gá a chinntiú gur ábhar acadúil atá ann.
• Is gá a bheith an-chúramach faoi ábhar eile nach ábhar acadúil é a úsáid in aiste, mar shampla scéalta nuachta agus suíomhanna idirlín ginearálta a mbíonn tóir ag an bpobal mór orthu. Má tá amhras ort faoi fhoinse, cuir ceist ar do léachtóir.
• Moltar do gach mac léinn polasaí na hollscoile faoin mbradaíl a léamh go cúramach: https://www.universityofgalway.ie/centre-excellence-learningteaching/teachinglearning/academicintegrity/
• Tá treoir faoi conas an bhradaíl a sheachaint ar fáil san acmhainn seo ón Leabharlainn: https://libguides.library.universityofgalway.ie/Plagiarism
• Caithfear úsáid a bhaint as tagairtí acadúla i ngach aiste a chuirtear faoi bhráid Roinn na Gaeilge. Is gá tagairtí a chur i dtéacs na haiste agus ag deireadh na haiste mar leabharliosta. Mura ndéanfar an dá rud sin, ní cheartófar an aiste agus d'fhéadfaí tús a chur le fiosrúchán bradaíola. Tá Bileog Stíle Roinn na Gaeilge ceangailte leis seo mar eolas duit. Is ceart an Bhileog seo, nó córas aitheanta tagartha eile, a úsáid.
• Caithfear an leathanach clúdaigh seo a cheangal le gach cóip chrua a leagfaidh tú isteach. Ní gá go mbeadh sé san áireamh sa leagan leictreonach.

## Treoirlínte maidir le scríobh aistí

Iarrtar ar mhic léinn na treoirlínte seo a leanas a leanacht agus aistí á scríobh acu:

- Ní foláir an **Leathanach Clúdaigh d'Aistí**, agus é comhlánaithe go cuí, a úsáid le gach aiste. Cuid bhunúsach den aiste an leathanach seo agus ní ghlacfar le haiste ar bith dá uireasa.

- Ní foláir gach aiste a fhágáil in oifig Roinn na Gaeilge faoin spriocdháta. Is í an aiste chlóscríofa an leagan oifigiúil den aiste. Ceadaítear leagan leictreonach den aiste a sheoladh chuig Rúnaí Roinn na Gaeilge {fiona.depaor@ollscoilnagaillimhe.ie} mar chúltaca amháin. Bí cinnte go gcuirfear stampa ar d'aiste in Oifig Roinn na Gaeilge agus bí cinnte freisin go dtugtar admháil stampáilte duit ar an aiste.

- Ba cheart gach aiste a chlóscríobh le spásáil 1.5.

- Ná scríobh ach ar thaobh amháin den leathanach.

- Bí cinnte go bhfuil uimhir ar chuile leathanach.

- Fág imeall 2.5 cm (1 orlach) ar dhá thaobh an leathanaigh. (Tugann sé seo deis don scrúdaitheoir nótaí a scríobh.)

- Ná cuir clúdach plaisteach ná clúdach ar bith eile ar an aiste. Is leor na leathanaigh a cheangal le stápla amháin.

- Déan profáil cháiréiseach ar d'aiste sula gcuirfidh tú isteach í. Má bhíonn cúrsaí litrithe, gramadaí srl., i gceart rachaidh sé sin i bhfeidhm ar an scrúdaitheoir.

- Sábháil do chuid oibre ar an ríomhaire go rialta agus coinnigh ar a laghad dhá chóip de do chuid oibre ar dhiosca neamhspleách ar an gcóras ríomhaireachta. Is féidir do chóras ríomhphoist a úsáid freisin le do chuid oibre a shábháil – seol chugat féin í. Coinnigh cóip chlóscríofa de d'aiste freisin ar fhaitíos go gcuirfí amú an aiste a shíneann tú isteach.

- Bí cinnte go dtuigeann tú polasaí na hOllscoile maidir le bradaíl liteartha agus cloígh leis an bpolasaí sin i gcónaí. Tá cóip den pholasaí reatha sa leabhrán eolais seo.

- Lean córas aitheanta tagartha maidir le fonótaí, tagairtí do shaothair eile srl., agus cuir leabharliosta cuimsitheach le d'aiste. Tá cóip de **Stílbhileog Roinn na Gaeilge** sa leabhrán eolais seo.

- Bí cinnte go gcloíonn tú leis an spriocdháta do chuile aiste. Is é polasaí Roinn na Gaeilge go marcáiltear aiste atá mall mar seo a leanas: marc lúide 10% d'aiste atá seachtain nó cuid de sheachtain mall; marc lúide 20% d'aiste atá idir seachtain agus coicís mall, marc lúide 30% d'aiste atá idir coicís agus trí seachtaine mall. Ní ghlacfar le haon aiste a bheas níos mó ná trí seachtaine mall agus is é neamhní an marc a bhronnfar ar an mac léinn don chúrsa a bheidh i gceist. I gcásanna

eisceachtúla (m.sh., tinneas arna dhearbhú le teastas dochtúra) is féidir spriocdháta a chur siar le cead léachtóir an chúrsa nó le cead Cheann na Roinne.

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

# Roinn na Gaeilge

# *Bileog Stíle/Treoir faoi Thagairtí*

Tá sé thar a bheith tábhachtach aon fhoinse eolais a úsáideann tú a lua **i gceart** in aon phíosa oibre a thugann tú do léachtóir (aiste, tionscadal srl.). **Is féidir teip a thabhairt do mhac léinn nach ndéanann é seo, toisc gur bradaíl liteartha atá ann.** Cloítear mar sin leis na rialacha atá i bhfeidhm go ginearálta maidir le liosta leabhar/liosta foinsí Idirlín srl., a chur le chéile. Is é **Harvard** an córas a mholtar.

## 1. Tagairtí agus Píosaí Athfhriotail

Is iondúil go dtagraítear do thuairimí údar eile in aiste acadúil le tuairimí agus pointí eolais a léiriú. Nuair a bhaineann tú úsáid as **focail údair eile** i d'aiste féin, cuireann tú an fhoinse in iúl mar seo a leanas:

**Sampla** [**tagairt dhíreach**]:
Tuigtear do Nic Eoin go bhfuil oiliúint an aistritheora le sonrú ar fhilíocht an Bhreathnaigh agus ar an tsainúsáid a bhaineann sé as focail:

> Is ag plé go heolaíochtúil le focail a bhíonn an téarmeolaí agus an t-aistritheoir, á scagadh, á gcumadh agus á gceartú, á múnlú, á n-ionramháil agus á roghnú ar mhaithe le cruinneas agus soiléire machnaimh agus cumarsáide. Sílim go dtagann cuid mhaith de thréithe na filíochta ag Colm Breathnach as an údarás teangeolaíoch sin atá ar a chúl. (Nic Eoin, 2010: 233)

[NB: Tá an sliocht thuas **eangaithe,** i gcló 10 agus tá spásáil shingil anseo. Níl uaschamóga in úsáid.]

Más amhlaidh go dtugann tú achoimre **i d'fhocail féin** ar a rud a dúirt údar eile (is é sin, mura bhfuil sliocht as a shaothar tugtha focal ar fhocal i d'aiste), cuireann tú an fhoinse in iúl mar seo:

**Sampla** [**tagairt indíreach**]:
Áitíodh gurbh í íogaireacht na linne faoin duine agus an pobal ina maireann sé an tionchar idirnáisiúnta ba mhó a bhí ar an úrscéal nua-aimseartha Gaeilge ó bhlianta an chogaidh i leith (Titley, 1991: 520).

***Gnéithe eile***

**Dátaí:** Ba cheart iad a chur mar seo: 5 Meitheamh 2012. Scríobh 'na caogaidí' in ionad 'na 50í'.

**Uimhreacha:** Ba cheart na huimhreacha níos lú na 10 a chur i bhfoirm scríofa: 'sé theach'. Nuair atá níos mó ná 10 i gceist, úsáidtear na figiúirí féin: '141 timpiste'. Nuair a bhíonn céatadáin in úsáid, scríobhtar '16 faoin gcéad' sa téacs ach '16%' i aon táblaí atá in úsáid agat.

**Spásáil:** Ba cheart go mbeadh spásáil 1.5 in úsáid tríd an téacs ar fad ach amháin i gcás tagairtí díreacha - spásáil shingil a úsáidtear sa chás sin.

## 2. Leabharliosta (Liosta foinsí ag deireadh an téacs)

- Cuirtear liosta foinsí ar fáil ag deireadh na haiste. Tugann an liosta seo eolas cruinn don léitheoir faoi na foinsí a d'úsáid tú leis an aiste a scríobh. Ba cheart na foinsí a chur i gcatagóirí éagsúla más cuí: foinsí clóite, foinsí neamhfhoilsithe, foinsí leictreonacha, cláir raidió agus teilifíse srl.
- Ba cheart go mbeadh eolas cruinn faoin údar (nó faoin eagarthóir), dáta foilsithe, teideal an tsaothair agus faoin bhfoilsitheoir.

## 2.1 Leabhair

***Samplaí*:**

Ó Buachalla, B., 1996. *Aisling Ghéar: na Stíobhartaigh agus an tAos Léinn 1603-1788*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Ó Ruairc, M., 1997. *Aistrigh go Gaeilge: Treoirleabhar.* Baile Átha Cliath: Cois Life.

O'Donnell, J. & de Fréine, S., 1992. *Ciste Cúrsaí Reatha.* Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin.

Titley, A., 1991. *An tÚrscéal Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

## 2.2 Ailt i Leabhair

***Samplaí*:**

Mac Mathúna, L., 2003. 'Rannpháirtíocht sna Cúrsaí Difriúla Gaeilge ar an Tríú Leibhéal'. In: Ó Laoire, M. agus Ó Murchú, H. (eag.) *Teagasc na Gaeilge 8*. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 48-59.

Denvir, G., 1997. 'Pádraic Ó Conaire agus Éire a Linne'. In: Denvir, G. (eag.) *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 61-76.

## 2.3 Ailt in Irisí/Nuachtáin

***Samplaí*:**

Mac Conghail, M., 2003. 'Aer is talamh titithe ina chéile – aiste léirmheasa'. *Comhar,* 63(6), 3-7.

Holland, M., 1997. 'McAleese will give wrong message to Unionists'. *Irish Times,* 14 Deireadh Fómhair, 18.

## 2.4 Dán nó gearrscéal i gcnuasach

***Samplaí*:**

Ní Dhomhnaill, N., 1998. "Na Murúcha a Thriomaigh". *Cead Aighnis.* An Daingean: An Sagart, 15.

Ó Conghaile, M., 2006. "Ar Pinsean sa Leithreas". In: Ó Conchubhair, B. (eag.) *Gearrscéalta na Linne seo.* Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 215-27.

## 2.5 Foilseachán corparáideach nó rialtais

***Samplaí*:**

Coimisiún na Gaeltachta, 2002. *Coimisiún na Gaeltachta: Tuarascáil/Report*. Baile Átha Cliath: Coimisiún na Gaeltachta.

Údarás na Gaeltachta, 2011. *Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2010*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

## 2.6 Cláir Raidió agus Teilifíse

***Samplaí*:**

Breathnach, P., 'Soiscéal Pháraic', TG4, 6 Samhain 2005.

Handy, C., 'The Open Mind', RTÉ Radio 1, 6 Samhain 1997.

Ní Dhonnchú, B., 'Adhmhaidin', RTÉ Raidió na Gaeltachta, 1 Márta 2002.

## 2.7 Agallaimh a rinneadh don taighde

***Sampla*:**
Ó Neachtain, J.S., 2013. Agallamh le Joe Steve Ó Neachtain, scríbhneoir, An Spidéal, 1 Meán Fómhair.

## 2.8 Cumarsáid phearsanta

***Sampla*:**
Ó Cuirreáin, S., 2012. Cumarsáid phearsanta le Seán Ó Cuirreáin, An Coimisinéir Teanga, 9 Iúil.

## 2.9 Tráchtais neamhfhoilsithe

***Sampla*:**
Burke, W. J., 1968. 'A Contribution to the Phonology and Lexicon of the Irish of East Cork'. Tráchtas MA neamhfhoilsithe, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

## 2.10 Foinsí Leictreonacha

### 2.10.1 Ábhar ar an Idirlíon

***Samplaí*:**
Foras na Gaeilge, 2006. *Príomhfheidhmeannach nua ceaptha ar Fhoras na Gaeilge* [ar líne]. Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge. Ar fáil ag: http://www.gaeilge.ie/foras/news/article.asp?id=159 (léite 15 Lúnasa 2006).

Ó Muirí, D., 2006. *Dúnmharú* [ar líne]. Gleann Cholm Cille: Beo! Ar fáil ag: http://www.beo.ie/2006-08/?page=cuinne_na_nealaion&content_id=142 (léite 3 Meán Fómhair 2006).

### 2.10.2 Irisí leictreonacha

***Sampla*:**
Ní Chualáin, F., 2013. 'An Tumoideachas Tríú Leibhéal agus an Ollscolaíocht trí Ghaeilge: Eispéireas Foghlama na Mac Léinn'. *Léann Teanga: An Reiviú* [ar líne], 2013. Ar fáil ag: http://leannteangaanreiviu.oegaillimh.ie/node/141 (léite 1 Aibreán 2014).

### 2.10.3 Dlúthdhioscaí/Fístéipeanna/Dioscaí

***Sampla*:**
Quinn, B., 2004. *Splanc Dheireadh na Gaeltachta* [DVD]. Cinegael/Gael Media (feicthe 23 Meán Fómhair 2009).

***Leagan leasaithe:***
**Meán Fómhair 2022**